Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Eanáir 2026
(OR. en)

**5094/26**

**LIMITE**

**ECOFIN 10**
**UEM 8**
***ECB***
***EIB***

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh san Fhionlainn |

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh san Fhionlainn**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 126(7) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 126(1) CFAE go seachnóidh na Ballstáit easnaimh rialtais iomarcacha.

(2) Tá an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis bunaithe ar chuspóir an airgeadais rialtais fhónta agus inbhuanaithe mar mhodh chun na dálaí a neartú a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna agus le fás cuimsitheach inbhuanaithe láidir a mbeidh cobhsaíocht airgeadais mar bhonn taca faoi, rud a thacóidh le cuspóirí an Aontais maidir le fás inbhuanaithe agus fostaíocht a ghnóthú.

(3) An [DÁTA], chinn an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 126(6) CFAE, gurbh ann d'easnamh iomarcach san Fhionlainn mar nár comhlíonadh an critéar easnaimh[1].

PUBLIC

[1] Cinneadh ón gComhairle an [DÁTA] maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann san Fhionlainn, doiciméad 5093/26.

(4) Le hAirteagal 126(7) CFAE agus le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle[2], ceanglaítear ar an gComhairle moladh a ghlacadh atá dírithe chuig an mBallstát lena mbaineann d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh laistigh de thréimhse áirithe. I gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) 1467/97 ón gComhairle, bunófar leis an moladh sin freisin sprioc-am uasta 6 mhí le haghaidh gníomhaíocht éifeachtach a bheidh le déanamh ag an mBallstát lena mbaineann chun an t- easnamh iomarcach a cheartú, sprioc-am is féidir a laghdú go 3 mhí nuair is gá de bharr thromchúis an cháis. Ina theannta sin, tá an Chomhairle le moladh go gcuireann an Ballstát conair cheartaitheach ghlanchaiteachais[3] chun feidhme, lena n- áirithítear go mbeidh an t- easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun an luacha tagartha, nó go dtabharfar agus go gcoinnítear faoi bhun an luacha tagartha 3 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) é, laistigh den spriocdháta a shonraítear sa mholadh sin. I gcás inar osclaíodh an nós imeachta um easnamh iomarcach ar bhonn an chritéir easnaimh, beidh an chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais, de réir Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle, comhsheasmhach le coigeartú struchtúrach bliantúil íosta 0,5 pointe céatadáin de OTI mar thagarmharc le linn na mblianta ina meastar go mbeidh an t- easnamh rialtais ghinearálta níos mó ná an luach tagartha. Féadfaidh an Coimisiún, le linn idirthréimhse in 2025, 2026 agus 2027, an tagarmharc a choigeartú chun an méadú ar chaiteachas úis a chur san áireamh agus an chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais atá beartaithe le haghaidh na mblianta á socrú aige, agus aithris 23 de Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle á cur san áireamh. Beidh an chonair cheartaitheach bunaithe, i gcás inar gá, ar réamh-mheastacháin nuashonraithe arna dtáirgeadh ag an gCoimisiún agus úsáid á baint as an modheolaíocht le haghaidh Anailís ar Inbhuanaitheacht Fiachais. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a chur in iúl don Choimisiún saincheisteanna tír-shonracha a mheasann sé a bheith ábhartha chun an chonair cheartaitheach a shocrú.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/2024-04-30) arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L, 2024/1264, 30.4.2024).

[3] De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna mheaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(5) Tháinig méadú 0,4 % ar fhíor-OTI san Fhionlainn in 2024. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, meastar go bhfásfaidh geilleagar na Fionlainne 0,1 % in 2025. Is iad glan-onnmhairí agus infheistíocht is cúis leis an bhfás; mar sin féin, déantar tionchar dearfach na gcomhpháirteanna sin a fhritháireamh den chuid is mó le laghdú ar thomhaltas poiblí agus príobháideach. Meastar go dtiocfaidh méadú 0,9 % ar fhíor-OTI in 2026 agus méadú 1,2 % in 2027, arna spreagadh ag méadú ar thomhaltas príobháideach agus ar infheistíocht phríobháideach agus ag an am céanna go dtiocfadh laghdú ar ghlan-onnmhairí. Meastar go sroichfidh an ráta dífhostaíochta 9,5 % in 2025 agus go laghdóidh sé go 9,3 % in 2026 agus 9,0 % in 2027. Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar an mboilsciú ó 1,0 % in 2024 go 1,9 % in 2025. Ag féachaint chun cinn, réamh-mheastar gurb é 1,6 % a bheidh sa ráta boilscithe in 2026 agus 2,0 % in 2027.

PUBLIC

(6) De réir na sonraí a sholáthair Eurostat an 21 Deireadh Fómhair 2025[4], 4,4 % de OTI a bhí san easnamh rialtais ghinearálta san Fhionlainn in 2024. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 4,5 % de OTI ann in 2025, agus 4,0 % de OTI in 2026, agus, dá bhrí sin, go mbeidh sé os cionn an luacha tagartha sa dá bhliain. De réir ríomhanna an Choimisiúin[5], comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis ghlanchaiteachais 1,2 % in 2025 agus 1,8 % in 2026. Réamh-mheastar gurb é 2,9 % de OTI a bheidh san easnamh struchtúrach in 2025 agus meastar go dtiocfaidh laghdú 0,2 pointe céatadáin de OTI air in 2026.

(7) Bhí 82,5 % de OTI san fhiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2024. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, ar bhonn na mbeartas atá ann cheana, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú air go 88,1 % de OTI ag deireadh 2025 agus go 90,9 % de OTI ag deireadh 2026 agus, dá bhrí sin, go bhfanfaidh sé os cionn an luacha tagartha 60 % de OTI.

---

4 Táscairí Euro Eurostat a foilsíodh an 21 Deireadh Fómhair 2025. Féach: https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-euro-indicators/w/2-21102025-AP.

5 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2025)951 final, 'Táblaí staidrimh fioscacha ina soláthraítear sonraí cúlra atá ábhartha don mheasúnú ar bheartais bhuiséadacha na mBallstát', 25.11.2025.

(8) Tá an chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais sa mholadh seo comhsheasmhach le coigeartuithe struchtúracha bliantúla íosta, nó le coigeartuithe príomhúla struchtúracha, de 0,5 pointe céatadáin de OTI ar a laghad, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle agus le hAithris 23 de Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle. Ar bhonn na dtoimhdí maicreacnamaíocha ó Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais sa mholadh seo do choigeartú 0,5 pointe céatadáin de OTI ar an gcomhardú príomha struchtúrach in 2026 agus 2027 araon. Le haghaidh 2028, atá níos faide ná an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh an Coimisiún an méadú ar chaiteachas úis a chur san áireamh, tá an coigeartú ar an gcomhardú struchtúrach cothrom le 0,5 pointe céatadáin agus tá an coigeartú ar an gcomhardú príomha struchtúrach cothrom le 0,6 pointe céatadáin de OTI.

PUBLIC

(9) Tagann an chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais sa mholadh seo in ionad na n- uasrátaí fáis glanchaiteachais le haghaidh 2026 ar aghaidh a leagtar amach i bpointe 1 de Mholadh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Fionlainne[6].

(10) Ar bhonn na n-uasrátaí fáis glanchaiteachais a mholtar, mar an t-aon tagairt oibríochtúil amháin chun faireachán ar chomhlíonadh a dhéanamh, rud a leagtar amach sa mholadh seo, agus ar bhonn chreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin agus ar bhonn Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtitfidh an t-easnamh rialtais ghinearálta ó 4,5 % de OTI in 2025 go 2,7 % de OTI faoi 2028.

(11) Ar bhonn na conaire glanchaiteachais ceartaithí sa mholadh seo, ar bhonn chreat réamh- mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin, agus ar bhonn Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, leanfadh an fiachas rialtais ghinearálta de bheith ag méadú ó 82,5 % de OTI ag deireadh 2024 go 93,5 % de OTI ag deireadh 2028.

6 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Fionlainne (IO C, C/2025/656, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/656/oj).

(12) Trí chloí le huasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais a leagtar síos leis an gconair cheartaitheach, ba cheart ceartú marthanach an easnaimh iomarcaigh a áirithiú agus, an tráth céanna, ba cheart bearta nithiúla a dhíriú ar cháilíocht agus comhdhéanamh an airgeadais phoiblí a fheabhsú, ar infheistíocht a chaomhnú agus ar acmhainneacht fáis an gheilleagair a threisiú. Le hathchóirithe de chineál fioscach agus de chineál eacnamaíoch níos leithne, ba cheart feabhas a chur ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta an gheilleagair ar bhealach inbhuanaithe, agus tacú leis an inbhuanaitheacht fhioscach.

PUBLIC

(13) I ndáil leis sin, leanfaidh pointe 2 agus Iarscríbhinn II (‘Sraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin go 7 mbliana’) den Mholadh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Fionlainne d’fheidhm a bheith acu. Leanfaidh an Coimisiún d’fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-  athchóirithe agus na n-  infheistíochtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Rialachán 2024/1263[7].

(14) An 30 Aibreán 2025, d’iarr an Fhionlainn go ndéanfaí an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú chun freastal ar chaiteachas cosanta níos airde, i gcomhréir le hAirteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2024/1263 agus tar éis Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Márta 2025[8]. An 8 Iúil 2025, ghlac an Chomhairle, arna iarraidh sin, moladh[9] lena gceadaítear don Fhionlainn imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais sa Mholadh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Fionlainne, agus na huasrátaí sin a shárú, don tréimhse 2025-2028.

---

7 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-  aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis’, 19.3.2025, C(2025) 2000 final.

9 Moladh ón gComhairle lena gceadaítear don Fhionlainn imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3966, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3966/oj).

(15) Ba cheart an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta a mheas freisin i gcur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach, agus nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíocht éifeachtach déanta ag an bhFionlainn. Dá bhrí sin, go dtí 2028, comhlánaítear an chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais a leagtar amach sa mholadh seo leis an tsolúbthacht a cheadaítear leis an méadú ar chaiteachas cosanta[10] faoin gclásal éalaithe náisiúnta. Chun a áirithiú nach gcuirfear an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol, ba cheart an tsolúbthacht is mó is féidir a leagan amach sa Mholadh seo, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Márta 2025 agus leis an Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025. Chun na críche sin, ba cheart an tsolúbthacht uasta fhoriomlán faoin nós imeachta um easnamh iomarcach a theorannú don tsolúbthacht nár úsáideadh le linn na tréimhse roimh an gconair ghlanchaiteachais sa mholadh seo.

PUBLIC

(16) Ar bhonn réamh-mheastacháin an Choimisiúin[11], meastar nár sháraigh an Fhionlainn an t- uasráta fáis glanchaiteachais le haghaidh 2025 a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus, dá bhrí sin, nár bhain sí úsáid as aon solúbthacht a cheadaítear leis an Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025. Mar thoradh air sin, tá an tsolúbthacht uasta fós á sainiú mar an méadú ar chaiteachas cosanta mar chéatadán de OTI ó 2021 i leith, agus in aon chás nach mó ná 1,5 % de OTI é.

(17) I gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, ní dhéanfaidh an Chomhairle cinneadh an nós imeachta um easnamh iomarcach a aisghairm ach amháin, de bhun Airteagal 126(12) CFAE, i gcás inar tugadh an t- easnamh faoi bhun an luacha tagartha agus ina réamh-mheasann an Coimisiún go bhfanfaidh sé amhlaidh sa bhliain reatha agus sa bhliain ina dhiaidh sin.

---

[10] Caiteachas cosanta arna mhaoiniú go náisiúnta mar a shainmhínítear in Aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG02).

[11] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2025)951 final, 'Táblaí staidrimh fioscacha ina soláthraítear sonraí cúlra atá ábhartha don mheasúnú ar bheartais bhuiséadacha na mBallstát', 25.11.2025.

AG MOLADH LEIS SEO:

1. Ba cheart don Fhionlainn a áirithiú nach rachadh rátaí fáis ainmniúla an ghlanchaiteachais thar na huasmhéideanna a leagtar síos in Iarscríbhinn I.

2. Ba cheart don Fhionlainn, dá bhrí sin, deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh faoi 2028.

3. Leagann an Chomhairle síos spriocdháta an 30 Aibreán 2026 don Fhionlainn gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh agus na bearta is gá a chur i láthair mar aon lena tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn le haghaidh 2026, ar tuarascáil í atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2024/1263. Ina dhiaidh sin, ba cheart don Fhionlainn tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an mholta seo gach 6 mhí ar a laghad, san earrach i gcomhthéacs a tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn, agus san fhómhar i gcomhthéacs a dréachtphleananna buiséadacha, go dtí go gceartófar an t- easnamh iomarcach.

4. Go dtí 2028, ceadaítear don Fhionlainn na huasrátaí fáis glanchaiteachais a leagtar amach i bpointe 1 den Mholadh seo a shárú, a mhéid nach mó an glanchaiteachas atá de bhreis ar na huasrátaí fáis sin ná an méid seo a leanas:

   (a) an méadú ar an gcaiteachas cosanta mar chéatadán de OTI ó bhí 2021 ann;

   (b) ar choinníoll nach mó an diallas atá de bhreis ar na huasrátaí fáis glanchaiteachais ná 1,5 faoin gcéad de OTI.

PUBLIC

5. Chun a áirithiú go ndéanfar an caiteachas breise a thaifeadadh i gceart, áireoidh an Fhionlainn sonraí iarbhír agus sonraí beartaithe maidir le caiteachas cosanta iomlán (rannán 02 de COFOG), lena n- áirítear infheistíocht chosanta (rannán 02 P.51 de COFOG), agus caiteachas arna mhaoiniú le hiasachtaí SAFE nach gcumhdaítear in COFOG-02:

(a) le haghaidh na mblianta T- 4,T- 3, T- 2 agus T- 1 (sa chás inarb í bliain T an bhliain atá ann faoi láthair), sa tuairisciú don Choimisiún (Eurostat) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle[12];

(b) le haghaidh na mblianta 2021 go bliain T (an bhliain atá ann faoi láthair), i bpleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta agus i dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 11(1), Airteagal 15, agus Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1263;

(c) le haghaidh na mblianta T (an bhliain atá ann faoi láthair) agus T+1, i ndréachtphleananna buiséadacha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 473/2013[13].

Is chuig Poblacht na Fionlainne a dhírítear an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[12] Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir le cur i bhfeidhm an Phrótacail maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 145, 10.6.2009, lgh. 1-9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/479/2014-09-01).

[13] Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireacháin agus measúnaithe ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n- áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú (IO L 140, 27.5.2013, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/473/oj).

PUBLIC

**Uasrátaí fáis glanchaiteachais**

**(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)**

**an Fhionlainn**

| Blianta | | 2026 | 2027 | 2028 |
|---|---|---|---|---|
| Rátaí fáis (%) | Bliantúil | 1,3 | 1,5 | 1,8 |
| | Carnach* | 2,5 | 4,1 | 5,9 |

---

* Ríomhtar na rátaí fáis carnacha trí thagairt a dhéanamh ar an mbonnbhliain 2024.